Forbairt Oideaċais sna Blianta Romhainn

Leaṫnú Scoltaċa Coimsiṫeaċa, Méad úrasó Claireaċta

I nGaeilge ar fad a ḃí óráid Uí Ċolla

I nGaeilge amháin a ṫug an tUasal Ó Colla, Aire Oideaċais, isteaċ meastaċán a Roinne, agus a rinne sé a óráid ar an meastaċán, óráid a líon 24 colún de ṫuarascáil Dáil Éireann.

Ḃí os cionn £30m. i gceist ins na Meastaċáin Oideaċais, aċ níl mórán rudaí nua iontu, aċ árdaiṫe anseo ⁊ ansiúd ar na gnáṫ costaisí.

Aċ taoḃ amuiġ den Aire féin, agus scáile Aire Oideaċas Ḟine Gael, an tUasal Mac Seoin, a rinne leaṫ a óráid as Gaeilge, labhair na Teaċtaí eile ar fad as Béarla, ar an ċéad lá den díospóireaċt.

Ṫug an tAire cuntas suimiúl i gceart ar na scoileanna coimsiṫe, agus dúirt go raḃar ag súil go mbeaḋ siad ag obair den téarma scoile a ḃeaḋ ag tosnú i Meán-Fómhair, 1966.

Ceann de na rudaí a ba suimiúla insan díospóireaċt, nó an méid adúirt an tUasal Mac Seoin, ṫar ċeann an Ḟreasúra, gur ċeap siad gur miṫid díospóireaċt iomlán a ḃeiṫ ann ar an Ṗáipéar Bán.

Dúirt an tUasal Mac Seoin, freisin, gur ṁaiṫ leis go dtuigfí go raiḃ Ḟine Gael ar ṫaoḃ leaṫnú na Gaeilge ar fud na tíre, agus go raiḃ suim mór acu san dul ċun cinn.

Ag tosnú ar a óráid, dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., Aire Oideaċais, go raiḃ £30,633,060 i gceist ins na seaċt ḃótaí a ḃí faoi na Roinn-san, árdú é sin de £2,121,080 ar suim na bliana anuraiḋ.

Eolaíoċt agus Ealaíon

£1,132,500 a ḃí ag teastáil do ḃóta Oifig an Aire Oideaċais, ar a raiḃ an ḃóta Eolaíoċt agus Ealaín ċom maiṫ. Ḃí scrúdú ar an ḃóta seo, agus fuaireamar soláṫar do ḟoireann breise do scoláireaċtaí ollscoile faoi Aċt 1961, do Acadaṁ Ríoga an Ċeoil, a ḃí ag fáil deontas i gcaḃair, níos airde, agus £11,900 i gcóir taiġde insan eolaíoċt. Ḃeaḋ deontas de £5,000 le fáil ag Muintir na Tíre.

Ḃí soláṫar ḋá ḋéanaṁ ann freisin le h-innealtóirí agus eolaiṫe a ċur ṫar lear ċun staidéar a ḋéanaṁ ar ḟorbairt nua teicníoċta.

Scoltaċa Náisiúnta

Don ḃunoideaċas tá £17,306,400 — sin méadú de £484,000 ar an ḃliain seo caite. Tá an ċuid is mó den ṁéadú seo ag dul do ċostaisí breise tógála i gcás Coláiste Oiliúna Naoṁ Pádraig. Sa ḃliain i gceist, ḃí 14,097 múinteoirí ar fostú i scoileanna náisiúnta (14,018 anuraiḋ), ag teagasc 502,201 daltaí. (220 níos mó ná anuraiḋ).

San ḃliain a ċríoċnaiġ mí Márta seo caite, ceadaíoḋ breis ⁊ £4 milliún deontas i leiṫ tógáil 154 scoil nua, agus mór scéim méadaiṫe nó feaḃsaiṫe ar 136 scoil eile. Tá £3 milliún ḋá ṡoláṫar le hagaiḋ tógáil agus deisiú scoileanna i mbliana.

Ceapaḋ 104 post breise múinteoireaċta i gCaṫair Ḃaile Áṫa Cliaṫ ar feaḋ na bliana, de ḟonn agus méid na ranganna a ísliú. Táṫar ag braṫ an rud céanna a ḋéanaṁ i gCaṫair Ċorcaí, Luimneaċ agus Portláirge, san ḃliain reaṫa.

Dúirt an tUasal Ó Colla go raiḃ súil aige méid na ranganna á ísliú ar fud na tíre na ḋiaiḋ sin, toisc go mbeaḋ níos mó múinteoirí fir ag teaċt amaċ ó Ċoláiste Oiliúna Naoṁ Pádraig nuair a ḃeaḋ crioċ curṫa le scéim méadaiṫe agus deisiṫe an ċoláiste. Scéim a ṁeastar a ċosnóiḋ milliún go leiṫ punt.

Scoláireaċta

Méadaíoḋ uiṁir na scoláireaċtaí iar - ḃunoideaċas, ó 2,668 i 1961-62 go dtí timpeall 7,500 i mbliain 1964-65. Ḃí siad a' súil le £550,000 a ċaiṫeaṁ ar scoláireaċtaí sa ḃliain 1965-66, £300,000 ón Stáit, agus £250,000 ón h-Údaraisí Áitiúla.

Ṁol an tUasal Ó Colla baill na n-údarás áitiúil as ċom tuisceanaċ agus ḃí siad i leiṫ na scoláireaċtaí, agus ċom fial fonnṁar agus a ċó-oibriġ siad i ḃfeiḋmniú a ḃfeaċta. B'é an feiḋm a ba ṁó a d'ḟéadfaí a ḃaint as Aċt 1961 adúirt sé, ⁊ níor ṁiste an scéal a aṫ-ḃreiṫniú. Dúirt an tAire go raiḃ sé ċun leasú ar an Aċt a ṫaḃairt isteaċ, a ṁéadóḋ faoi ḋó an caiṫeaċas bliantúil ar scoláireaċtaí iar-Ḃunoideaċais agus scoláireaċtaí ollscoile, agus a ḋéanfaḋ dúbailt ar líon na scoláireaċtaí a ḃronntar gaċ bliain. Faoi 1970, ṁeas sé go mbeaḋ timpeall 20,000 daltaí iar-ḃunoideaċas, agus 2,000 macléinn ollscoile, i seilḃ scoláireaċtaí agus tuairim agus £1,200,000 ḋá ċaiṫeaṁ ar scoláireaċtaí.

Ḃí £660,000 de sin ag teaċt ó ċiste an Stáit.

Dúirt an tUasal Ó Colla go raiḃ sé ag déanaṁ aṫ - ḃreiṫniú ar ċlár na h-áḃar insan Ḃunscoil. Ḃí Coistí Roinne i mbun na h-oibre seo faoi láṫair, agus do réir mar ullṁófaí na cúrsaí, ḋéanfaí iad a eisiúint ċuiġ na scoileanna taréis dul i gcomhairle leis na h-eagraíoċta cuí oideaċais. Ḃí cúrsaí nua ar stair agus obair snáṫaide eisiṫe ċeana féin.

Meán Oideaċas

Ḃí £5,505,400 sa ṁeastaċán don Ṁeán-Oideaċas — árdú de £246,000. Árdaiṫe tuarastáil ba ṁó a ba ċúis leis an árdú, ⁊ naċ raiḃ an méadú deireanaċ i gceist insan ṁeastaċán. Ċaiṫfí meastaċán breise £270,000 a ṫaḃairt isteaċ ċuige sin.

Tá 93,000 daltaí ag fáil meán-oideaċas ins na scoileanna aiṫeanta san am i láṫair.

Ḃí cosúlaċt air go méadóiḋ uiṁir na ndaltaí go dtí 100,000 roiṁ i ḃfad. Ḃí méadú a' teaċt ar líon na múinteoirí ins na meán-scoileanna ċom maiṫ — 4,289 sa ḃliain reaṫa.

Dearḃú é seo ar an éileaṁ an ṁór a ḃí ar iar-ḃunoideaċas, ⁊ éileaṁ atá ag fás ar fad. Dár leis an Aire gur leor do ċruṫú an fás ar uiṁir na scoltaċa, go raiḃ sé sásúil gur údaráisí príoṁáideaċa a ḃí ag freastal ar na scoltaċa le caḃair ón Roinn.

Scoileanna Coimsiṫeaċa

Tá áiteaċa ann, adúirt an tAire, gan iarḃunoideaċas ceart fós, agus tá taiġde ḋá ḋéanaṁ ag an Roinn ar na limistéirí seo go léir, agus déanfar socrú i ngaċ cás, maidir le ceist Scoil Coimsiṫeaċ a ḃunú san áit. Tá ceiṫre limistéar roġnaiṫe le h-agaiḋ scoileanna coimsiṫeaċa — Ceaṫrú Rua, An Ṁuinċille, Aerport na Sionainne agus na Gleanntaí. Meastar go mbeiḋ £70,000 de réaṁċostas i leiṫ na ceiṫre limistéirí sin, le h-íoc sa ḃliain airgeadais reaṫa.

Dúirt an tAire nár ṁiste tréiṁse an ṁeán-oideaċais do árdú, agus gur mór a raċaḋ bliain eile taréis na h-árd-teistiméireaċta ar soċar do na daltaí. D'íocfaí deontas i leiṫ na scoláirí seo, dá mba ṁian leo fanaċt ar feaḋ bliana taréis an árd teistiméireaċt.

Dúirt an tAire go raiḃ aṫ-ḃreiṫniú ḋá ḋéanaṁ aige ar an clár oibre ins na meán-scoileanna ċom maiṫ. Ḃí sé táḃaċtaċ go mbeaḋ eolas i gcoṫrom leis an lá inniu ag na múinteoirí ar na h-áḃair sin. Mar sin de, ḃí cúrsaí tráṫnóna iolscoile, agus dian-ċúrsaí samraiḋ do múinteoirí ḋá reaċtáil arís i mbliana. Ḃeaḋ cúrsa cónaiṫe ceiṫre-seaċtainí i nua-ṫeangaċa Eorpaċa, san Teanglann i gColáiste na bProinnsiasaċ, i Rinn Ṁic Gormáin. I bFraincis, Spáinnis agus Gearmánais a ḃeaḋ na cúrsaí i mbliana. Íoctar deontas le meán-scoileanna i gceannaċt gléasraí, téipeanna agus céirníní do na móḋanna nua teagasc teangaċa.

Leanfar de na cláraċa telefíse ar scála i ḃfad níos leiṫne i mbliana. D'éiriġ go h-an ṁaiṫ leis na cláraċa trialaċa anuraiḋ agus ba ṁór an spéis a ċur na scoileanna iontu. Tugtar deontas do ṁeán-scoileanna gur ṁian leo telefíseán a ċeannaċ.

Gairmoideaċas

Tá soláṫar do £3,478,500 do Ġairm-oideaċas i mbliana — breis agus £1m. níos mó ná ḃí i gceist anuraiḋ. Is beag gné de ṡaol cultúra, soisialta nó eacnamiceaċ na tíre, naċ ḃfuil baint ag an nGairm-Oideaċas léi. Ċom maiṫ leis an oideaċas leanúnaċ, ḃí cuid mór traenáil printíseaċ, agus eagraíoċt tionsclaċ, i gcomhairle leis na Coistí Gairm-Oideaċas, agus ba ṁaiṫ seo. Cé go raiḃ tuilleaḋ fós ann a d'ḟéadfaḋ leas a ḃaint as an gcóras ar ṁaiṫe le forbairt eacnamiceaċ, agus ba ṁaiṫ dá gcuirfeaḋ siad a gcuid riaċtanas in iúl do na Coistí.

Níor ṁaiṫ leis an Aire go mbainfí aon mí-ṫuiscint as seo.

"Ní hé gnó an oideaċais é, caoi a ṫaḃairt ċun go ndéanfaí sa scoil, an obair is dual agus is ceart a ḋéanaṁ ar urlár na monarcan," adúirt sé.

In oiliúint printíseaċ, céardaiṫe, teicneoirí, tá obair áiriṫe is cuí don monarcain nó den ċeardlainn, agus obair eile is caoi don scoil.

Cúrsa Níos Faide

Dúirt an tAire go raiḃ dul ċun cinn sonntasaċ déanta i sínú an gnáṫ cúrsa do ḋaltaí lán-aimsire lae, agus i mbunú Céard Ċoláistí Réagúnaċa. Ḃí na siolabais faoi scrúdú ag Cumainn a ḃaineas le Ceard-Oideaċas, na siolabais don ṁeán-teistiméireaċt a ḃeiḋ ann do ḋalta scoileanna coimsiṫeaċa, agus do ḋalta gairmscoileanna, go mbeiḋ an cúrsa trí-ḃliana déanta acu.

Coláistí

Tá pleanáil na bfoirgintí idir láṁaiḃ ċeana féin, do Ċoláistí Réagúnaċ gCorcaí, Luimní, Ceaṫarlaċ agus Áṫ Luain, agus na réaṁ-socraiṫe ḋá mbeartú do na cinn i nGaillimh, Sligeaċ, Dún Dealgan agus Portláirge. Ḃí cigire sinsearaċ do ċuid na Roinne i mbun na ngnóṫaí seo go speisialta ċun teangṁáil leis na coistí ar leiṫ, d'ḟonn agus go seaċnófaí oiread agus a b'ḟéidir aon ṁoill i dtógáil na scoileanna seo. Ceapaḋ sain-eolaí breise ar ḟoirgníoċt ar ḟoireann na Roinne le plé le cúrsaí tógála. Ḃí feiḋm le i ḃfad níos mó múinteoirí fá ċoinne na bfoirgintí seo go léir agus ḃí an tAire ag braṫ adúirt sé, ar ċéimiṫe ollscoile mar múinteoirí gairmoideaċais. Ba ṁaiṫ leis a ṫaḃairt dá n-aire do ċéimiṫe, ċéimiṫe, agus tuismiṫeoirí, go ḃfuil slí beaṫa an tarrantaċ anois ann, do ġairm-ṁúinteoireaċt. Idir tuarastal, coinníollaċa seirbíse, feaḃsaiṫe go mór le blianta beaga anuas. Ḃí deiseanna do ṁúinteoir óg le dul ċun cinn.

Scoltaċa Móra

Taréis cur-síos ar cúrsaí iolscoile, a mbeiḋ muid ag tráċt faoi b'ḟéidir arís, d'iompaiġ an tAire arís ar na scoileanna coimsiṫeaċ. Is amlaiḋ, adúirt sé. a ḃí gaċ ceann acu ag riaraḋ limistéar maiṫ tíre. Limistéar ar gá dó timpeall 10 míle de ġnáṫ. Scoileanna móra a ḃéas iontu dá réir sin, agus ó tárla cead isteaċ ag gaċ éinne, is iomaḋ leiḃéal éirime, agus is iomaḋ saġas luí, seaċas a ċéile, a ḃeiḋ ina luċt freastal. Rud nua é sin in Éirinn, cé go ḃfuil a lán eile tíre naċ aon nuaíoḃt iontu é. Scéim an táḃaċtaċ a ḃéas acu, isea a ḟáil amaċ cé'n éirim intinne, nó éirim eile, a tárla ag dalta, agus cé'n ní a tárla acu le áḃar amháin seaċas a ċéile, ⁊ an éirim agus an luí sin a ċur a ċaiṫe, sa ċaoi go dtiġ leo ina gcuid iar-ḃunoideaċas, an lorg a leanúint is fearr a oireann dóiḃ, nó is mó a ḃfuil luí acu leis. Ullṁúċán don tsaol isea an tOideaċas, i gcuideaċta na cuideaċta, agus dá réir sin, ba ċeart dó treora ṫaḃairt i dtreo na ngairmeaċa inár dóiġ go n-eireóḋ leis an dalta go raṫúil. Leis an taoḃ seo den obair a ṫaḃairt i gcríċ mar ba ċóir, caiṫfear riar leiṫeadaċ áḃar a ṫairiscint, caiṫfear riar ar na teangaċa, an eolaíoċt, na céardanna, stair agus na h-ealaíona. Riar mór den tsórt sin ní ḃeiḋ sé indéanta aċ in scoil mór, an ní a ḃfuilimid ina ċleaċtaḋ in Éirinn, maraon le foireann mór múinteoirí.

Ḃí ar an dalta áḃar áiriṫe a ġlacaḋ mar atá, Teagasc Críostaí, Gaeilge, Béarla, Matamatic, agus roġa ar áḃar láṁ is súil, maraon le oiliúint corp, an saoránaċas agus ceol. Caiṫfiḋ sé abair, ḋá-dtrian de ṡeaċtain scoile i mbun na n-áḃar sin. An trian eile dá ċuid ama, ḃeaḋ sin tugṫa don áḃar ab' ḟearr leis féin, as an eolaíoċt, nua-ṫeangaċa, ⁊rl. le linn na dtrí mbliain roiṁ scrúdú na meán-teistiméireaċta, ḃeaḋ sé faoi ġrinn - ḃreiṫniú agus an éirim agus an acṁainn a roinn Dia air, dá ṁeas go cúramaċ, sa gcaoi go ḃféadfaí, ag deireaḋ na réimse, comhairle agus treor ċoitian a ṫaḃairt dá ṫuismiṫeoirí faoin treo inár ḃí a leas agaiḋ a ṫaḃairt, gairm teicniceaċ, nó cúrsa Acadúil, nó rud eile. An dalta a ḃéas abálta agus sásta cúrsa árd-teistiméireaċt leanúint, taḃarfar deis sin a ḋéanaṁ ins na háḃair inár fearr a ċruṫaiġ sé go dtí sin.

Ċuirfeaḋ an tAire caḃair na siceolaiṫe scoile úd a ḃéas ag an Roinn, ar fáil do luċt údarás na scoileanna seo, le cuidiú leo rudaí a ṁeas agus a ṫreorú.

Ḃí rún aige freisin caint agus ciorú a ḃeiṫ ann go minic leis na tuismiṫeoirí faoi an dul ar agaiḋ a ḃéas ḋá ḋéanaṁ ag na daltaí agus faoi an luí atá acu.

Easpaig, Ionadaí an Stáit, agus Príoṁ-Oifigeaċ Feiḋmniúċáin an Ċoiste Gairm - Oideaċais a ḃeaḋ páirteaċ i mbainisteoireaċt na scoile. Ḃí sé i gceist go nglacfaḋ na scoileanna coimsiṫeaċa áit na meán - scoileanna aċ, ḃí sé in am an coimsiṫeaċas a ṫaḃairt isteaċ i gcóras na hÉireann. Tá ionad dó féin ag an gcineál sin scoile, agus ba ṁaiṫ leis an Aire go mbeaḋ cuid de na meán-scoileanna féin ag cuiṁniú ar a gcuid cúrsaí a ḋíriú sa treo sin. Is maiṫ ann fonn agus losc den tsórt sin, adúirt an tAire. Ṫuar é ar an lorg, is dóċa. a ḃéas dá leanúint san iar-ḃunoideaċas againn amaċ anseo.

"Ó mo ṫaoḃ féin de, níl mé i ngeall aon saġas scoile, seaċas a ċéile. Is é is mian liom gaċ uile saġas scoile ag tairiscint ar an áḃar is fearr a ṫiġ léi, ⁊ caiġdeán árd sa ċiall is iomláine, aici lena linn."

"San dul ċun cinn soisialaċ, ba é an faḋb ga géire agus ba práinní, árd leiḃéal iar-ḃunoideaċas a ċur ar fáil don aos óg."

Nuafhoilseachán tábhachtach

LEABHAR NA hURNAÍ COITINNE

Leagan Gaeilge ar "The Book of Common Prayer."
Cumann Gaelach na hEaglaise a d'ullmhaigh.
Clúdach cláréadaigh. Imill dhearga. Praghas . . . 15/-

* * * *

Eagráin nua den dá leabhar seo ar fáil anois . . . . . cló Rómhánach . . . . litriú caighdeánaithe . . . . . .

NUA-FHILÍ (S. Ó Ceileachair) 8/6
BLÁTHA AN BHÓITHRÍN (Seán Tóibín) 5/-

* * * *

Le foilsiú go luath . . . .

VERSTEHEN UND SPRECHEN

Leabhar do lucht tosaithe ar an nGearmáinis

Foilseacháin Rialtais
Stuara Ard-Oifig an Phoist
Baile Átha Cliath

AN GÚM